



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Iúil 2015
(OR. en)

11133/15

ASIM 65
COWEB 75

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	10833/15 ASIM 55 COWEB 71
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le tíortha sábháilte tionscnaimh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad maidir leis an gceist thuasluaite, mar a chomhaontaigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile é an 20 Iúil 2015.

Conclúidí ón gComhairle maidir le tíortha sábháilte ♦ tionscnaimh

Ag meabhrú di go gcuirtear ar chumas na mBallstát le Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar ('an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn')¹, tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú chun críocha scrúdú mear a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, agus chun rialacha agus modhnuithe a bhunú don ainmniú sin, nó chun an coincheap sin a chur i bhfeidhm ar bhonn praiticiúil agus sainmhínítear critéir agus nósanna imeachta coiteanna a bheidh le leanúint don ainmniú sin;

Ag meabhrú di, chun tacú le próiseáil tapa na n-iarratas ar thearmann ó dhaoine ag a bhfuil náisiúntacht tríú tíortha atá ainmnithe mar thíortha sábháilte, go bhfuil sé fógartha ag an gCoimisiún sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce go bhfuil sé ar intinn aige na forálacha maidir le 'tír thionscnaimh shábháilte' sa Treoir um Nósanna Imeachta Tearmainn a neartú;

Ag meabhrú di, mar chuid de na bearta maidir le filleadh agus le hathligeran isteach agus le hathimeascadh, d'iarr an Chomhairle Eorpach, an 25 Meitheamh 2015, ar an gCoimisiún a leagan amach, faoi mhí an Iúil 2015, na bearta a bheidh le glacadh ag EASO chun cur chun feidhme na bhforálacha maidir le 'tír thionscnaimh' sábháilte forálacha sa Treoir um Nósanna Imeachta Tearmainn a chomhordú. Thug sí dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún na forálacha maidir le "tír shábháilte thionscnaimh" sa Treoir um Nósanna Imeachta Tearmainn a neartú, lena n-áirítear an fhéidearthacht go mbunófar liosta coiteann don Aontas de thíortha tionscnaimh sábháilte;

Ag meabhrú di uasdátú phríomhthorthaí thuarascáil 2013 dá chuid a rinne EASO in 2015 maidir le 'Iarrthóirí Tearmainn ó na Balcáin Thiar: anailís chomparáideach ar na treochtaí, na tosca brú agus tarraingthe, agus freagairtí'.

♦ Agus an téarma "tíortha" á úsáid sna Conclúidí, ní chiallaíonn sé sin go dtugtar aitheantas gur stáit iad.

¹ Treoir 2013/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coitianta chun cosaint idirnáisiúnta a thabhairt agus a tharraingt siar IO L 180, 29.6.2013. ¹ I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 ar sheasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach nuair a bhí Treoir 2013/32 á glacadh agus níl an Rialachán seo ina cheangal uirthi ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

De bharr an méid seo a leanas:

Nuair a dhéanann Ballstát tríú tír a ainmniú mar thír thionscnaimh shábháilte, ligeann sé don Bhallstát sin an scrúdú a dhéantar ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanann iarrthóirí ag a bhfuil náisiúntacht an tríú tír sin a luathú agus/nó a dhéanamh ag an teorainn nó i gcriosanna trasdula. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé sin bheith ina uirlis éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nuair atá líon mór iarratas ar thearmann arna dtaisceadh ag náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil toimhde ann nach bhfuil siad cáilithe do chosaint idirnáisiúnta.

Féadfar tír a mheas mar tír thionscnaimh shábháilte faoi na coinníollacha a fhorordaítear le hAirteagal 36 agus Airteagal 37 agus in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn. Tá roinnt Ballstát tar éis tríú tíortha áirithe a ainmniú ar an leibhéal náisiúnta mar thíortha sábháilte tionscnaimh, de réir bhrí na Treorach seo.

Ní mór do na Ballstáit gach cás a scrúdú de réir a thuillteanais féin. Ina theannta sin, i gcás ina léiríonn an t-iarratasóir go bhfuil cúiseanna bailí an tír a mheas gan a bheith sábháilte ina (h)imthosca áirithe, ní féidir é a bheith ábhartha a thuilleadh an tír a mheas mar thír shábháilte di nó dó.

Tá roinnt Ballstát tar éis tríú tíortha áirithe a ainmniú mar thíortha tionscnaimh sábháilte ar an leibhéal náisiúnta, de réir bhrí na Treorach maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn. Is gá athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an staid sna tíortha sin.

Leis an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn, aithnítear an gá le cur chuige comhordaithe idir na Ballstáit maidir le coincheap na tíre tionscnaimh sábháilte a úsáid, as a dtiocfaidh comhchuibhiú breise a d'fhéadfadh a bheith ann sa réimse sin sa todhchaí.

D'aithin an Chomhairle Eorpach cheana féin mí an Mheithimh 2000 go bhféadfadh tíortha uile na mBalcán Thiar bheith ina n-iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas Eorpach² agus d'athdhearbhaigh sí peirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar go mion minic. Ina theannta sin, an dul chun cinn atá déanta ag na tíortha sin, go háirithe i réimsí an smacht reachta agus an meas ar chearta bunúsacha, déanann an Coimisiún é a mheas go bliantúil ina theachtairreachtaí maidir le 'Straitéis an Mhéadaithe agus na Príomh-Dhúshláin'.

TUGANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

DÁ hAIRE go bhfuil liostaí náisiúnta de thíortha tionscnaimh sábháilte de réir bhrí na Treorach maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn ag roinnt Ballstát ag roinnt Bhallstáit.

LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhordaithe a áirithiú go tapa idir na Ballstáit maidir le hainmniú tríú tíortha, ar an leibhéal náisiúnta, mar thíortha sábháilte tionscnaimh de réir bhrí na Treorach maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.

MOLANN SÍ GO LÁIDIR, dá bhrí sin, go ndéanadh na Ballstáit, gan mhoill, measúnú ar na tríú tíortha a bhféadfaí a ainmniú, ar an leibhéal náisiúnta, mar thíortha sábháilte tionscnaimh, laistigh de phróiseas comhordúcháin a bheidh faoi stiúir EASO agus i gcomhréir leis na critéir agus leis na ceanglais nós imeachta a shainítear sa Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.

² Comhairle Eorpach Santa Maria Da Feira, 19 agus 20 Meitheamh 2000, Conclúidí ón Uachtaránacht, mír 67.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE maidir le tíortha na mBalcán Thiar go bhfuil na tíortha sin i bhformhór na liostaí náisiúnta de thíortha sábháilte tionscnaimh, gur chuir an Chomhairle Eorpach a bpeirspictíocht Eorpach in iúl go mion minic agus gur aistríodh an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, Montainéagró agus an tSeirbia chuig an liosta de na tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas víosa amhail ón 19 Nollaig 2009 agus an 15 Nollaig 2010 faoi seach. Ina theannta sin, bhí an meánráta aitheantais maidir le tearmann ar fud an Aontais do thíortha na mBalcán Thiar íseal go leor in 2014. Tugtar le tuiscint leis sin go bhféadfadh na Ballstáit go léir a mheas gur tíortha sábháilte tionscnaimh iad tíortha na mBalcán Thiar.

MOLANN SÍ GO LÁIDIR, mar sin, gur cheart tús áite a thabhairt don mheasúnú a dhéanfaidh na Ballstáit go léir ar shábháilteacht na mBalcán Thiar³, laistigh de phróiseas comhordúcháin a bheidh faoi stiúir EASO agus i gcomhréir leis na critéir agus leis na ceanglais nós imeachta a shainítear sa Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.

IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún na forálacha maidir le tíortha sábháilte tionscnaimh a neartú sa Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn, lena n-áirítear go bhféachtaí le liosta coiteann don Aontas de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú.

³ An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, Montainéagró, an tSeirbia agus an Chosaiv*.

**Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/99 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.*